Parlaimint na hEorpa:
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2157(DEC)

24.01-2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí don bhliain airgeadais 2022
(2023/2157(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) go raibh na hidirbhearta atá mar bhunús le cuntais bhliantúla an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (‘an Lárionad’) don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábhartha; ag tabhairt dá haire, de réir Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain 2022, gurbh ionann a buiséad in 2022 agus EUR 26 mhilliún, méadú 4 % i gcomparáid le 2021 (EUR 25 mhilliún), agus nár tháinig aon athrú ar a líon foirne de bhun chinneadh an údaráis bhuiséadaigh ábhartha;

2. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha na Cúirte sna blianta roimhe sin; á chur in iúl gur geal léi an foilseachán suaitheanta bliantúil, Tuarascáil Eorpach um Dhrugaí 2022, Feasachán Staidrimh 2022 agus breisluach Chóras Réamhrabhaidh an Aontais maidir le substaintí sícighníomhacha nua arna reáchtáil ag an Lárionad ar feadh 25 bliana in 2022; á chur in iúl gur geal léi gur eisíodh 69 bhfoilseachán, lena n-áirítear seacht miontreoir agus trí phríomhphointe faoi thuarascáil shuaitheanta an Lárionaid dar teideal ‘Health and social responses to drug problems: a European guide’ [Sláinte agus freagraí sóisialta ar fhadhbanna drugaí: treoraíocht Eorpach]; á chur in iúl gur geal léi gur eagraíodh an ceathrú Comhdháil Eorpach maidir le hIompraíochtaí agus Spleáchais Andúile arna heagrú go comhpháirteach ag an Lárionad agus ag a chomhpháirtithe; ag spreagadh an Lárionaid leanúint dá ghníomhaíochtaí comhroinnte eolais;

3. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le drugaí inar ghlac 609 ngairmí um fhorfheidhmiú an dlí ó AE agus comhpháirtithe tionscadail um chomhar teicniúil páirt, arna reáchtáil ag an Lárionad i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL); á chur in iúl gur geal léi go bhfuair beagnach 950 gairmí atá ag obair i réimse na ndrugaí, lena n-áirítear oifigigh forfheidhmithe dlí agus lucht ceaptha beartas, oiliúint ón Lárionad le linn 2022, agus gur fhreastail thart ar 1200 gairmí atá ag obair i réimse na ndrugaí ar na seacht seimineár gréasáin a d’eagraigh an Lárionad; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag an Lárionad maidir le hanailísí agus faisnéis atá bunaithe ar an tsláinte phoiblí a chur ar fáil do lucht déanta beartas agus do chleachtóirí maidir le drugaí agus andúil i ndrugaí;

4. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí gan staonadh an Lárionaid aird a tharraingt ar ghnéithe sóisialta agus ar thionchar sochaíoch drugaí, beartais athimeasctha sa tsochaí a chur chun cinn d’úsáideoirí drugaí, agus dul i ngleic le topaic na ndrugaí le dearcadh ildisciplíneach; á mheas go bhfuil sé bunriachtanach leanúint d’fheasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le cosc agus cur chuige nuálach atá bunaithe ar mheabhairshláinte i leith beartais drugaí;

5. á mheabhrú go bhfuil obair an Lárionaid bunaithe ar chumas straitéiseach fianaisebhunaithe chun measúnú a dhéanamh ar bhagairtí sláinte agus slándála chun forbairtí nua ar fheiniméan na ndrugaí a shainaithint go luath, ar forbairtí iad a

d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar shláinte, ar chúrsaí sóisialta, ar shábháilteacht nó ar shlándáil san Aontas; á mheabhrú gur cheart an measúnú ar an gcontúirt ó thaobh na sláinte a léiriú go cothrom in obair an Lárionaid;

6. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta ag an Lárionad maidir le Margaí Comhpháirteacha Drugaí an Aontais: Grinnanailís, i gcomhar le Europol, le modúil maidir le drugaí ar leith a eisíodh i rith 2022 agus le heisiúintí atá beartaithe in 2023; á chur in iúl gur geal léi an obair in 2022 maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus ar infhaighteacht na gcroí-shonraí soláthair i gcomhar le Pointí Fócais Náisiúnta Reitox agus Europol; á chur in iúl gur geal léi cur chun feidhme chúraimí uile an Lárionaid faoi phleananna gníomhaíochta oibríochtúla maidir le cannabas, cócaon agus hearóin de chuid an Ardáin Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla; á mheabhrú go sainaithnítear gáinneáil ar dhrugaí mar phríomhfhoinse brabúis agus mar bhealach earcaíochta i gcoireacht eagraithe agus i sceimhlitheoireacht, á thabhairt chun suntais a mhéid a rannchuidíonn an Lárionad freisin le hEoraip níos sláine;

7. á chur in iúl gur geal léi an leathanach acmhainní, EMCDDA 4 Ukraine, a cruthaíodh do ghairmithe atá ag obair i réimse na ndrugaí san Eoraip a thacaíonn le daoine easáitithe ón Úcráin;

8. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir an Lárionad agus na tíortha comhpháirtíochta atá i mBeartas Comharsanachta na hEorpa, tríd an tionscadal cúnaimh theicniúil de chuid EU4MD, chomh maith le cur chun feidhme an tionscadail dhéthaobhaigh EMCDDA4GE leis an tSeoirsia; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh comhpháirtíocht oifigiúil sa Chlár Comhair idir Meiriceá Laidineach, Muir Chairib agus an tAontas Eorpach maidir le Beartais Drugaí;

9. á chur in iúl gur geal léi comhar an Lárionaid le gníomhaireachtaí eile agus a mhéid a chur sé le gréasán gníomhaireachtaí CGB; á chur in iúl gur geal léi comhar leanúnach an Lárionaid le gníomhaireachtaí náisiúnta drugaí, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail UNODC agus EDS;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 52 –: 1 0: 3
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia uriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, ukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Jana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Engerer Cyrus, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

52	+
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
NI	Laura Ferrara
EPP	Magdalena Adamowicz, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Jana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, ukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel
The Left	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

1	-
NI	Milan Uhrík

3	0
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh